Tuarascáil Bhliantúil 2014 & Tuarascáil chuig Tithe an Oireachtais 27 Iúil 2015
Tuairisc.ie

[Ceol]

Rónán Ó Domhnaill:

Ó thaobh pleanáil teanga sa Ghaeltacht, faoi Acht na Gaeltachta tá dualgais anois leagthaí ar na pobail Gaeltachta iad fhéin pleanannaí teanga a ullmhú chun an stádas mar Ghaeltacht a choinneáil agus tá sé sin - tá an próiseas sin tosaithe le leathbhliain anuas nó mar sin agus grúpaí éagsúla tagtha le chéile chun pleanannaí don teanga a chur chun cinn. An méid a bhí mise ag rá inniu ná go luíonn sé le réasún, má tá an pobal ag cur pleanannaí le chéile dhóibh fhéin go ba cheart go mbeadh an Stát ag seasamh leo freisin, sa mhéid is ba cheart go mbeadh siad sásta barántas a thabhairt go mbeadh Gaeilge ar a dtoil ag fostaithe an Stáit atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó ag cur seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht, mar ní dhéanfadh sé ciall dá mbeadh na pobail ag cur pleanannaí le chéile agus an am céanna ansin, nuair a bheadh siad ag dul amach ag déileáil leis an Státchóras nó an Stát sa Ghaeltacht nach mbeidís in ann é sin a dhéanamh trí Ghaeilge.

Steve Ó Cúláin:

Bhuel, d'fhéadfá anois, tá an ceart aige, tá an dá rud ann, le fada an lá 'is muid ag plé leis. 'Is tá dualgais orainn fhéin anois feidhm a thabhairt don pholasaí sa nGaeltacht ach caithfidh an Státchóras a gcuid fhéin a dhéanamh, ní fhéadfadh an pobal a bheadh fágtha leo fhéin agus ní bheidh siad fágtha leo fhéin, beidh muide ag dul i mbun comhpháirtíochta leo, mar a bhí i gcónaí agus caithfidh na Ranna Stáit eile an rud céanna a dhéanamh. Is céim chun cinn an rud a foilsíodh ó thaobh an Roinn Oideachais agus Scileanna an lá faoi dheireadh, tá súil a'inn go leanfaidh an comhoibriú sin ar aghaidh.

Rónán Ó Domhnaill:

Rinne an Oifig seo imscrúdú ar an Roinn Oideachais i 2013 nuair a rinneadh iarracht tabhairt ar scoil Ghaeltachta a bhí ag feidhmiú trí Ghaeilge, múinteoir a thabhairt isteach sa scoil a bhí ar phainéal in ainneoin gur cheap an scoil agus go deimhin na múinteoirí a bhí ar an bpainéal iad fhéin, nach raibh a cuid Gaeilge sách maith le bheith ag teagasc sa scoil sin. San argóint a rinne an Roinn Oideachais, go bunúsach, nó ceann de na hargóintí a bhí acu ná aon múinteoir atá cáilithe go bhfuil siad cáilithe múineadh in aon scoil, scoil Ghaeltachta san áireamh. Rinne muide, rinne m'Oifig, sular thosaigh mise, rinne Séan Ó Cuirreáin, rinne sé imscrúdú air sin agus frithú go raibh an Roinn Oideachais ag sárú an Acht Oideachais 1998. 'Séard a tharlaíonn nuair a déantar imscrúdú leagtar síos moltaí ina dhiaidh agus tá de rogha ag na comhlachtaí poiblí ansin, na Ranna Rialtais, na moltaí sin a chur i bhfeidhm nó dul chuig na hArdchúirte mura n-aontaíonn siad leo. Sa gcás seo, ní dhearna an Roinn Oideachais ceachtar den dá rud sin, níor thóg siad cás Ardchúirte, chomh maith leis sin níor chuir siad na moltaí i bhfeidhm sa mhéid is nach bhfuil córas cinnte curtha in áit acu a chinnteodh nach bhféadfadh an rud céanna tarlú arís. Agus mar gheall air sin, tá sé de dhualgas orm an tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus sin atá fógraithe agam inniu agus faoi Tithe an Oireachtais anois atá sé déileáil leis an gceist seo, atá thar a bheith tromchúiseach.

Bláthnaid Ní Ghréacháin:

So go bunúsach, na dúshláin atá soiléirithe ó shin ná don chuid is mó, don cuid is mó de na múinteoirí ag cur tic sa bhosca, tá sé soiléir do na scoileannaí nach bhfuil an cumas acu. Nach bhfuil an cumas sa teanga acu le múineadh i scoil lán-Gaeilge agus sin fadhb ollmhór amháin agus ansin an dara fhadhb atá ann ná níl múinteoirí ag cur tic sa bhosca. So tá easpa toilteanas agus tá easpa chumais agus is dóigh liom go bhfuil sé anois soiléir don Roinn don chéad uair toisc go bhfuil cruthúnas ann ar pháipéar, go gcaithfidh siad breathnú ar an bhfadhb seo i mbealach cineáil córasach. Agus sílim fhéin an t-aon bhealach, an t-aon cineál comhréiteach a d'fhéadfaidh muid teacht ar an gceist seo ná trí phainéal ar leith a bheith ann do scoileannaí lán-Gaeilge agus Gaeltachta agus anuas air sin go gcaithfí bun-oiliúint mhúinteoireachta riachtanach a bheith ann do éinne a théann ar an bpainéal sin nó a roghnaíonn dul ag múineadh i scoil lán-Gaeilge mar seachas sin, ní eireoidh leis an gcóras riamh mar atá, múinteoirí atá oilte, cumasach agus toilteanach a bheith ag múineadh go sásúil i scoil lán-Gaeilge nó Gaeltachta.

[Ceol]